# Foirm Iarratais Phoist do Chead Foghlaimeora D201

RSA

NDLS

National Driver Licence Service

*An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána*

Iarrtar ort na treoirnótaí a ghabhann leis seo a léamh sula gcomhlánóidh tú an fhoirm seo. **Iarrtar ort an fhoirm seo a chomhlánú i mbloclitreacha agus peann dubh gránbhiorach a úsáid. Iarrtar ort X a chur sna boscaí cuí e.g.** ☒ Iarrtar ort gan an fhoirm seo a fhótachóipeáil mar go bhféadfadh sé go mbainfí den chaighdeán dá bharr agus go gcuirfí moill ar d'iarratas nó go ndiúltófaí dó.

## Cuid 1: Sonraí Pearsanta (Féach Cuid 1 de na Nótaí Treorach a ghabhann leis an bhFoirm)

*Réimse éigeantach

**Chun Iarratas Poist a dhéanamh ní mór duit Cárta Seirbhísí Poiblí (CSP) a bheith agat.**
**Ní mór duit do thoiliú a thabhairt freisin i gCuid 6 maidir le húsáid ghrianghraf agus shíniú do Chárta Seirbhísí Poiblí**

**1.** An raibh cead foghlaimeora agus/nó ceadúnas tiomána agat in Éirinn riamh?* Tá ☐ Níl ☐

Má bhí, cé acu? ☐ Cead Foghlaimeora ☐ Ceadúnas Tiomána

Uimhir an tiománaí (más eol)*

(Gheobhaidh tú seo ag réimse 5 ar cheadúnas páipéir nó ag réimse 4d ar cheadúnas plaisteach)

**2.** Céadainm(neacha)*

**3.** Sloinne*

**4.** Má athraíodh do shloinne ó eisíodh do cheadúnas deireanach, cuir an chúis leis sin in iúl, le do thoil

Pósadh/Páirtnéireacht Shibhialta ☐ Gníomhas Aonpháirtí ☐ Úsáid as Ainm Gaeilge ☐ Colscaradh/Scaradh ☐

Ainmneacha roimhe seo

**5.** Uimhir PSP*

**6.** Inscne* Fireann ☐ Baineann ☐

Caithfidh an cruthúnas ar an seoladh a chuirtear ar fáil a bheith ag teacht go beacht leis an seoladh thíos.

**7.** Seoladh líne 1*

Seoladh líne 2

Baile*

Contae/Cathair* Eirchód Úsáid Oifigiúil ☐

**8.** Dáta breithe*

Iarrtar ort do thír bhreithe a shonrú.

**9.** Áit bhreithe*

**10.** Uimh. fóin phóca* Uimhir bhaile

Seoladh ríomhphoist*

Bainfidh an NDLS úsáid as na sonraí sin chun teagmháil a dhéanamh leat maidir le fadhbanna le d'iarratas, seoladh do cheadúnais agus meabhrúcháin athnuachana amach anseo.

## Cuid 2: Deonú Orgán (Féach ar Chuid 2 de na Treoirnótaí a ghabhann leis seo)

**11.** Cuir X sa bhosca más mian leat go dtaispeánfaí cód 115 ar do cheadúnas tiomána le cur in iúl gur mian leat bheith i do dheontóir orgán. ☐

## Cuid 3: Sonraí Ceadúnais Foghlaimeora (Féach Cuid 3 de na Nótaí Treorach a ghabhann leis) *Réimse éigeantach

**12 (a).** Cineál an Iarratais:*

Iarratas ar chead foghlaimeora den chéad uair ☐
Féach ar rogha 1 den Seicliosta ar an bhfoirm seo

Ceadúnas foghlamóra a athnuachan ☐
Féach ar rogha 2 den Seicliosta ar an bhfoirm seo

catagóir a chur leis/a bhaint de ☐
Féach ar rogha 3 den Seicliosta ar an bhfoirm seo

Ceadúnas a cailleadh/a ghoideadh/a damáistíodh a athsholáthar ☐
Féach ar rogha 4 den Seicliosta ar an bhfoirm seo

Athrú ar shonraí pearsanta ☐
Féach ar rogha 5 den Seicliosta ar an bhfoirm seo

Ceadúnas tiomána a bheith agat agus cur isteach ar ceadúnas foghlaimeora i gcatagóir eile ☐
Féach ar rogha 6 den Seicliosta ar an bhfoirm seo

Eile (an fáth) ____________________

**12 (b).** Má bhaineann d'iarratas leis an gceanglas maidir le tástáil tiomána/oiliúint tiomána a dhéanamh tar éis tréimhse dícháilithe tabhair an tréimhse dícháilithe

Ó ☐☐☐☐☐☐ Go Dtí ☐☐☐☐☐☐

Sonraí maidir le haon choinníoll a bhaineann leis an dícháiliú. ____________________

**13.** **Cuir an chatagóir nó na catagóirí ar mian leat iarratas a dhéanamh fúthu in iúl anseo:
Chun sainmhíniú ar na catagóirí a fháil féach www.ndls.ie

**Grúpa 1 (gluaisteáin, tarracóirí talún agus gluaisrothair)**

| | |
|---|---|
| AM ☐ | B ☐ |
| A1 ☐ | BE ☐ |
| A2 ☐ | W ☐ |
| A ☐ | |

**Grúpa 2 (busanna, trucailí agus feithiclí altacha)**

Ní mór tuairisc liachta dar dáta laistigh de mhí amháin ón iarratas a bheith in éineacht leis

| | |
|---|---|
| C ☐ | D ☐ |
| CE ☐ | DE ☐ |
| C1 ☐ | D1 ☐ |
| C1E ☐ | D1E ☐ |

**14.** Nuair a gheobhaidh tú an ceadúnas tiomána seo, an mbeidh ceadúnas agat a d'eisigh tír eile? Beidh ☐ Níl ☐

Más 'Beidh', tabhair sonraí thíos le do thoil:

Tír eisiúna ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

Uimh. cheadúnais tiomána ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

Má tá ceadúnas tiomána bailí iomlán agat i gcatagóir B (gluaisteán) ar feadh dhá bhliain ar a laghad ó thír nach bhfuil comhaontú malartaithe ceadúnais ag Éirinn léi féadfaidh tú cáiliú do chlár laghdaithe EDT. Féach Liosta 1 ar leathanach 3 de na Nótaí Treorach ghabhann leis an bhfoirm.

**15.** Má cailleadh, má goideadh nó má rinneadh damáiste do do cheadúnas sínigh an dearbhú thíos, le do thoil, agus faigh finné ina leith agus a dhéanfaidh é a stampáil ag stáisiún áitiúil na nGardaí gar duit. Tabhair faoi deara, le do thoil, má aimsíonn tú nó má fhaigheann tú do sheancheadúnas ar ais i ndiaidh duit iarratas a dhéanamh ar cheann nua, nach mbeidh an seancheadúnas bailí a thuilleadh

Dearbhaím go bhfuil mo cheadúnas tiomána Caillte ☐ Goidte ☐ Damáistithe ☐
(cuir tic de réir mar is cuí)

Síniú an iarratasóra

☐

Deimhním gur dhearbhaigh an t-iarratasóir gur cailleadh/goideadh a cheadúnas/a ceadúnas

Ainm an gharda

☐

Síniú an gharda

☐

**DEARBHÚ ÓN nGARDA SÍOCHÁNA**

STAMPA AN GHARDA SÍOCHÁNA

## Cuid 4: Feidhmiúlacht Tiomána (Féach Cuid 4 de na Nótaí Treorach a ghabhann leis an bhFoirm) Ní mór gach ceist a fhreagairt

**Ní mór duit foirm tuairisce liachta a chur isteach laistigh de mhí amháin má; (1) d'fhreagair tú 'Tá' ar aon cheann de na ceisteanna 17 go 37 nó 38(c),(2) tá iarratas á dhéanamh agat ar aon chatagóir de Ghrúpa 2 (bus nó trucail), (3) tá tú 75 bliain d'aois nó níos sine.**

**16.** An gcaithfidh tú spéaclaí nó lionsaí a chaitheamh le tiomáint? (Má chaithfidh cuirfear Cód 01 le do cheadúnas) Caithfidh ☐ Ní Caithfidh ☐

Más rud é san am a chuaigh thart gur fhreagair tú 'Caithfidh' ar an gceist seo agus go bhfuil 'Ní Chaithfidh' á freagra agat anois ní mór duit foirm thuairisce reatha radharc na súl a sholáthar le d'iarratas.

**Sláinte agus Folláine An raibh ceann ar bith de na riochtaí seo a leanas ort riamh, nó an bhfuil tú ag fulaingt le ar bith de na riochtaí seo a leanas anois?**

**17.** Diaibéiteas a chóireáiltear le hinslin nó atá á bhainistiú ag táibléid lena mbaineann an baol go spreagfaí hipiglicéime e.g. Sulfóiniolúiré (Cuir ceist ar do dhochtúir cé acu an bhfuil tú ag glacadh cógas sulfóiniolúiré nó cógais eile lena mbaineann an baol go spreagfaí hipiglicéime). Ní gá duit a insint dúinn má tá sé á bhainistiú le haiste bia amháin nó le cógais nach mbaineann an baol leo go spreagfar hipiglicéime Bhí/Tá ☐ Ní raibh/Níl ☐

**18.** Titimeas Bhí/Tá ☐ Ní raibh/Níl ☐

**19.** Stróc nó TIAanna[1] le haon siomptóim ghaolmhara a mhaireann níos faide ná mí amháin Bhí/Tá ☐ Ní raibh/Níl ☐

**20.** Taomanna nó fanntaisí Bhí/Tá ☐ Ní raibh/Níl ☐

**21.** Aon chineál máinliachta inchinne, cneá inchinne nó dianghortú cinn a bhaineann le cóireáil othair chónaithigh nó siad | inchinne nó gortú dromlaigh Bhí/Tá ☐ Ní raibh/Níl ☐

**22.** Séadaire cairdiach ionchlannaithe Bhí/Tá ☐ Ní raibh/Níl ☐

**23.** Dífhibrileoir cairdiach ionchlannaithe (ICD)[2] Bhí/Tá ☐ Ní raibh/Níl ☐

**24.** Ionsaithe arís agus arís de mheadhrán tobann míchumasaithe Bhí/Tá ☐ Ní raibh/Níl ☐

**25.** Aon riocht néareolaíoch ainsealach eile amhail scléaróis iolrach, galar néarón luadrach nó galar huntington Bhí/Tá ☐ Ní raibh/Níl ☐

**26.** Fadhb throm leis an gcuimhne nó tréimhsí mearbhaill[3] Bhí/Tá ☐ Ní raibh/Níl ☐

**27.** Mí-úsáid nó spleáchas leanúnach alcóil Bhí/Tá ☐ Ní raibh/Níl ☐

**28.** Mí-úsáid nó spleáchas leanúnach drugaí Bhí/Tá ☐ Ní raibh/Níl ☐

**29.** Tinneas tTinneas trom síciatrach nó fadhbanna meabhairshláinte[3] Bhí/Tá ☐ Ní raibh/Níl ☐

**30.** Galar Parkinson Bhí/Tá ☐ Ní raibh/Níl ☐

**31.** Siondróm aipnia codlata Bhí/Tá ☐ Ní raibh/Níl ☐

**32.** Narcailéipse Bhí/Tá ☐ Ní raibh/Níl ☐

**33.** Riocht ar bith a chuireann isteach ar d'amharc forimeallach Bhí/Tá ☐ Ní raibh/Níl ☐

**34.** Cailliúint iomlán radhairc i súil amháin Bhí/Tá ☐ Ní raibh/Níl ☐

**35.** Riocht ar bith a chuireann isteach ar an dá shúil, nó ar an tsúil eile mura bhfuil agat ach súil amháin (gan dathdháille nó gearr-radharc nó fadradharc a áireamh) Bhí/Tá ☐ Ní raibh/Níl ☐

**36.** Uireasa éisteachta trom a d'éirigh níos measa ó d'iarratas/athnuachan dheireanach Bhí/Tá ☐ Ní raibh/Níl ☐

**37.** Míchumas Foghlama Trom[3] Bhí/Tá ☐ Ní raibh/Níl ☐

**38.** (a) Aon fadhbanna leanúnacha le do sciatháin nó le do lámha a theorannaíonn do thiomáint d'fheithicil uathghiarála Bhí/Tá ☐ Ní raibh/Níl ☐

**38.** (b) Aon fadhbanna leanúnacha le do sciatháin nó le do lámha a theorannaíonn do thiomáint d'fheithicil choigeartaithe Bhí/Tá ☐ Ní raibh/Níl ☐

**38.** (c) Má chuir tú tic le 'tá' le 41(a) nó 41(b) an bhfuil do riocht imithe in olcas ó d'iarratas/athnuachan dheireanach Bhí/Tá ☐ Ní raibh/Níl ☐

1. Is ionann taom iscéimeach neamhbhuan (TIA) agus teagmhas lena bhfuil siomptóim stróic a mhaireann níos lú ná 24 uair an chloig sula n-imíonn siad (rud ar a dtugtar mionstróc corruair). Cé nach mbíonn TIAanna ina gcúis le damáiste buan inchinne de ghnáth, is comhartha rabhaidh tromchúiseach stróic iad.
2. Feiste leictreonach is ea Dífhibrileoir Cardaithiontaire In-ionphlandaithe (ICD) a dhéanamh monatóireacht leanúnach ar do chroí. Tá an ICD cláraithe chun rithimí croí atá thar a bheith gasta nó mall a bhrath.
3. Má bhíonn amhras ort, téigh i gcomhairle le do dhochtúir teaghlaigh.

## Cuid 6: Dearbhú ón Iarratasóir (Féach Cuid 6 de na Nótaí Treorach a ghabhann leis an bhFoirm) *Réimse éigeantach

**39. Tuigim** (i) de réir alt 22A den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961, arna leasú, nach féidir le duine iarratas a dhéanamh ar cheadúnas tiomána agus an duine sin dícháilithe in Éirinn, in AE/LEE nó i stát aitheanta, (seachas dícháiliú pointe pionóis in Éirinn) agus (ii) gur cion é faoi alt 115 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961, arna leasú, faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar go feasach mar thaca le m'iarratas. Dearbhaím (i) go bhfuil gnáthchónaí orm in Éirinn, agus (ii) nach bhfuilim dícháilithe faoi láthair (seachas dícháiliú pointe pionóis in Éirinn) in Éirinn, in AE/LEE nó i stát aitheanta. Tríd an dearbhú thíos a shíniú tugaim toiliú don NDLS rochtain a fháil ar ghrianghraf agus ar shíniú mo Chárta Seirbhísí Poiblí (CSP).

**NÍ MÓR DON DUINE CHUIG A NEISEOFAR AN CEADÚNAS TIOMÁNA AN DEARBHÚ SEO A SHÍNIÚ**

Síniú an iarratasóra ______________________

(Iarrtar ort an síniú a choimeád laistigh den bhosca)

Lá ☐☐ Mí ☐☐ Bliain ☐☐☐☐

# Seicliosta don Iarratas ar Cheadúnas Foghlaimeora

**Maidir le gach hiarratas poist ar cheadúnais foghlaimeora ní mór duit an méid seo a leanas a sholáthar;**

- Foirm iarratais chomhlánaithe phoist do cheadúnas foghlaimeora D201 ☐
- Foirm leighis NDLS (a bheidh dátaithe laistigh de mhí amháin) más gá(féach leathanach 3 de na Nótaí Treorach) ☐
- Fianaise ar CPC má tá sé riachtanach (féach na Nótaí Treorach) ☐
- Má tá do sheoladh athraithe ó eisíodh do cheadúnas foghlaimeora deiridh, ní mór duit fianaise ar sheoladh nua a sholáthar (féach Liosta 1 ar Nótaí Treorach, ní mór dáta a bheith leis laistigh de shé mhí) ☐
- Fianaise ar ghnáthchónaí má thaifeadtar d'áit bhreithe mar áit lasmuigh de AE, LEE nó den Eilvéis. ☐
- Táille ábhartha (féach na Nótaí Treorach) ☐

**Tá an fhaisnéis bhreise seo a leanas ag teastáil agus iarratas á dhéanamh;**

## Rogha 1 -ar cheadúnas céadúaire foghlaimeora

- Deimhniú inniúlachta Teoirice (dátaithe laistigh de dhá bhliain) ☐
- Foirm tuairisce NDLS faoi radharc na súl (Comhlánaithe go hiomlán) (dátaithe laistigh de mhí amháin) ☐
- Fianaise ar an seoladh (dátaithe laistigh de shé mhí) (Féach Liosta 1 de na Nótaí Treorach) ☐

## Rogha 2 Athnuachan Ceadúnais Foghlaimeora

- Má dhéanann tú iarratas ar an tríú ceadúnas foghlaimeora nó ar cheann ina dhiaidh sin ní mór duit tástáil tiomána a bheith déanta agat i rith an 2 bhliain roimhe sin nó iarratas a bheith déanta agat ar tástáil tiomána le teacht. ☐

## Rogha 3 - Catagóir a chur le do cheadúnas

- Teastas faoi phas a fháil sa tástáil teirice más bainteach (dátaithe laistigh de dhá bhliain) ☐
- Foirm comháinithe leighis NDLS, más infheidhme (dar dáta laistigh de mhí) ☐

## Rogha 4 - Ceadúnas caillte/goidte nó damáistithe a athsholáthar

- Foirm cheadúnais foghlaimeora chomhlánaithe (D201) ☐
  (mar aon le dearbhú comhlánaithe ón nGarda Síochána, féach ceist 15 ar an bhfoirm iarratais)

## Rogha 5 - Athrú ar shonraí pearsanta

- Cruthúnas ar athrú ar ainm má bhíonn athrú ainm i gceist (Féach Cuid 1 de na Nótaí Treorach www.ndls.ie) ☐
- Fianaise ar an seoladh nua (dátaithe laistigh de shé mhí) má bhíonn athrú seolta i gceist (Féach liosta 1 de na Nótaí Treorach) ☐
- Foirm comháinithe leighis NDLS, más infheidhme (dar dáta laistigh de mhí) má bhíonn athrú do shonraí leighis (Féach ar na Nótaí Treorach) ☐

## Rogha 6 - Tá ceadúnas tiomána iomlán agat cheana féin agus tá iarratas á dhéanamh agat ar cheadúnas foghlaimeora i gcatagóir eile

- Deimhniú inniúlachta Teoirice ☐
  (más infheidhme ) (dátaithe laistigh de dhá bhliain)

**Ba cheart foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur sa phost chuig:**
**An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána, Bosca Poist 858,**
**Oifig Seachadta an Taoibh Theas, Corcaí.**

**Cosaint Sonraí**

Coimeádfaidh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi rún an fhaisnéis agus na sonraí pearsanta go léir a chuireann tú ar fáil. Tá an fhaisnéis a iarrtar san fhoirm seo riachtanach chun críocha d'iarratas ar chead foghlaimeora/ceadúnas tiomána a phróiseáil. Déanfaidh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre d'iarratas agus/nó a chuid gníomhairí an fhaisnéis a chuirtear ar fáil i d'iarratas a phróiseáil go díreach chun críocha d'iarratas a phróiseáil, ár gcuid dualgas a chomhlíonadh, seirbhísí a sholáthar duit agus ár gcaidreamh leat a bhainistiú.

Féadfaidh an tÚdarás sonraí pearsanta a nochtadh go hinmheánach agus dá chuid gníomhairí, conraitheoirí agus soláthraithe seirbhíse sa mhéid atá riachtanach go réasúnta le haghaidh na gcuspóirí atá sonraithe thuas. Féadfar na sonraí sin a roinnt le heintitis eile ach de réir mar atá ceadaithe ag an dlí amháin. D'fhéadfadh sé go mbeadh sonraí pearsanta faoi réir nochta faoi alt 60 den Acht Airgeadais, 1993 (Uimh. 13 de 1993) arna leasú le halt 86 den Acht Airgeadais, 1994 (Uimh.13 de 1994) agus rialacháin arna ndéanamh faoi sin. D'fhéadfaí sonraí Aitheantais Seirbhíse Poiblí a chuireann tú ar fáil a úsáid chun d'Aitheantas Seirbhíse Poiblí a choimeád/a fhíorú, faoi alt 262(5) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh - 2005 (arna leasú). Ní fhéadfaí sonraí Aitheantais Seirbhíse Poiblí a roinnt ach le comhlachtaí poiblí eile faoin bhforáil sin.

Déanfaidh an tÚdarás do chuid sonraí a phróiseáil i gcomhréir lena chuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus faoi Rialachán (AE) 2016/679, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Áirítear leis sin gach céim is réasúnta a ghlacadh (lena n-áirítear bearta cuí um shlándáil theicniúil agus eagraíochtúil) chun Sonraí Pearsanta a chosaint. Féadfar leagan leictreonach den fhaisnéis go léir san iarratas seo a choimeád go ceann 20 bliain ar a laghad

Tá na cearta seo a leanas agat, ar chúinsí áirithe agus faoi réir srianta áirithe, maidir le do chuid sonraí pearsanta: An ceart rochtain a fháil ar do chuid sonraí pearsanta; An ceart chun iarraidh go gceartófaí agus/nó go scriosfaí do chuid sonraí pearsanta; An ceart chun srian a chur le húsáid do chuid sonraí pearsanta; An ceart chun cur i gcoinne phróiseáil do chuid sonraí pearsanta; An ceart go ligfí i ndearmad thú ar chúinsí áirithe; agus an ceart chun do chuid sonraí pearsanta, atá curtha ar fáil agat dúinn, a fháil i bhformáid struchtúrtha, formáid a úsáidtear go coitianta agus atá inléite ag meaisín nó chun a cheangal orainn na sonraí sin a aistriú go rialtóir eile.

Más mian leat leas a bhaint as ceann ar bith de na cearta sin, iarrtar ort teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach um Chosaint Sonraí, san Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo F26 V6E4 nó trí ríomhphost chuig dataprotection@rsa.ie. Pléifear le d'iarratas gan an iomarca moille agus i gcás ar bith laistigh d'aon mhí amháin ón iarratas a fháil.

# Nótaí Treorach maidir le d'Iarratas Poist ar Chead Foghlaimeora

NDLS
National Driver Licence Service
An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána

**Léigh na nótaí go cúramach, le do thoil, SULA gcomhlánóidh tú an Fhoirm Iarratais**

## Iarratas a dhéanamh sa Phost

### Ceanglas um Chárta Seirbhísí Poiblí

Ní mór duit Cárta Seirbhísí Poiblí (CSP) a bheith agat

Déanfar d'ainm, do shíniú agus do ghrianghraf mar a fheictear iad ar do CSP a phriontáil ar do cheadúnas a luaithe a phróiseáiltear é.

### Foirm Iarratais Chomhlánaithe

**Toiliú:** Caithfidh tú do chead a thabhairt trí Chuid 6 den fhoirm iarratais a shíniú, chun an t-ainm, an griangraf agus an síniú ar do chárta seirbhísí poiblí (CSP) a úsáid ar do cheadúnas tiomána nó ar do chead foghlaimeora (de réir mar is infheidhme). Mura dtugann tú do thoiliú maidir lena n-úsáid nó mura bhfuil d'ainm i nGaeilge ar do CSP, is féidir leat coinne a dhéanamh chun teacht isteach agus iarratas a dhéanamh i nGaeilge ag aon lárionad NDLS ar fud na tíre.

**Ba cheart foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur sa phost chuig:**
**An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána, Bosca Poist 858,**
**Oifig Seachadta an Taoibh Theas, Corcaí.**

**Táille ar an iarratas:** Is féidir táillí a íoc le seic nó le hordú poist.

Ní mór an táille cheart ar an iarratas a chur isteach leis an bhfoirm iarratais. Chun tuilleadh sonraí a fháil féach an tábla Táillí thíos faoi Eolas Ginearálta. Mura gcuireann tú isteach an táille cheart ar an iarratas diúltófar d'iarratas agus beidh ort iarratas a dhéanamh arís. Má tá tú 70 bliain d'aois nó níos sine, níl aon táille ar an iarratas.

## Cruthúnas Doiciméadach

**Ag brath ar do chúinse d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le fianaise dhoiciméadach bhreise a chur sa phost le d'fhoirm iarratais.**

### Liosta 1: Fianaise ar an seoladh

**(dátaithe laistigh de shé mhí)**

- Cárta seirbhísí poiblí
- Bille fóntais - Ní ghlactar le billí fóin póca
- Ráiteas nó comhfhreagras eile ón mbanc/cumann foirgníochta/comhar creidmheasa lena n-áirítear r-Ráitis
- Litir ó Roinn Rialtais nó Gníomhaireacht Stáit
- Comhfhreagras ar pháipéar ceannteidil ó chomhlacht oideachais nó oiliúna e.g. meánscoil; ollscoil; institiúid teicneolaíochta nó coláiste; polasaí árachais sláinte/saoil/tí/cairr

### Liosta 2: Cruthúnas ar ghnáthchónaí

- Cárta Seirbhísí Poiblí - i gcás go bhfuil an áit bhreithe nó náisiúntacht laistigh de AE/LEE/an Eilvéis/RA
- Teastas breithe nó teastas uchtála (foirm fhada) Éireannach/RA
- Ceadúnas tiomána/cead foghlaimeora nuair a thaispeánann i réimse 3 go bhfuil an áit bhreithe laistigh de AE/LEE/an Eilvéis/RA
- Deimhniú iontrála i gClár Breitheanna Coigríche na hÉireann
- Pas/cárta pas Éireannach (ceann reatha nó cinn atá imithe in éag ar feadh tréimhse nach mó ná 12 mhí)
- Pas reatha do shaoránaigh uile AE/LEE/na hEilvéise/RA (bailí le haghaidh úsáid idirnáisiúnta)
- Cárta aitheantais náisiúnta reatha do shaoránaigh AE/LEE/na hEilvéise
- Deimhniú Éireannach um eadóirseacht
- Cead cónaithe Éireannach reatha (IRP), deimhniú clárúcháin (cárta Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce/GNIB) nó cárta cónaithe sealadach (TRC) do shaoránaigh neamh-AE/LEE/na hEilvéise/RA (Caithfidh na cártaí IRP, GNIB agus TRC a chur i láthair mar aon le pas reatha atá bailí le haghaidh úsáid idirnáisiúnta nó le Cárta Seirbhísí Poiblí).

## Cuid 1: Sonraí Pearsanta

### Céadainm agus Sloinne

Caithfidh do chéadainm agus do shloinne teacht go beacht leis an ainm ar do chárta Seirbhísí Poiblí (CSP). Mura bhfuil d'ainm i nGaeilge ar do CSP ní mór duit coinne a dhéanamh chun iarratas pearsanta a dhéanamh ag lárionad NDLS.

Má tháinig athrú ar do shloinne ó eisíodh do chead foghlaimeora nó do cheadúnas tiomána deireanach ní mór duit an chúis a thabhairt agus doiciméid tacaíochta a sholáthar (e.g. teastas pósta, deimhniú colscartha/ idirscartha, gníomhas aonpháirtí atá cláraithe san Ard-Chúirt). Tá doiciméid bhunaidh riachtanach.

### Seoladh/Gnáthchónaí

Má tá difear idir do sheoladh reatha agus sheoladh do cheadúnais/cheada roimhe seo nó an seoladh a thug tú nuair a rinne tú iarratas ar do CSP beidh ort cruthúnas ar do sheoladh a chur isteach, a bheidh dátaithe laistigh de na sé mhí a chuaigh thart. Ba chóir gurb é an seoladh an áit ina bhfuil gnáthchónaí ort; do mhic léinn ciallaíonn sé sin go ginearálta teach an teaghlaigh. Caithfidh an t-ainm agus an seoladh ar an bhfoirm iarratais a bheith díreach mar an gcéanna leis an bhfianaise ar an seoladh a sholáthrófar agus ní mór go mbeidh an dáta air laistigh de na sé mhí a chuaigh thart (Féach Liosta 1 thuas). Ní ghlactar le seoltaí mac léinn, seoltaí gnó nó seoltaí 'faoi chúram'. Le haghaidh cód ceantair poist Bhaile Átha Cliath cuir iad sin sa réimse "Contae/Cathair".

Chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnas tiomána nó ar chead foghlaimeora, ní mór duit a bheith i dteideal cónaí anseo agus gnáthchónaí a bheith ort in Éirinn. Ciallaíonn sé sin go ginearálta go bhfuil cónaí ort anseo ar feadh 185 lá ar a laghad i ngach bliain féilire mar gheall ar obair nó ar cheangail phearsanta. Má tá tú ag déanamh staidéir nó ag obair thar lear, féadfar a mheas go bhfuil gnáthchónaí ort fós in Éirinn ar an gcoinníoll go bhfilleann tú anseo go rialta.

Féach Liosta 2 thuas le haghaidh liosta iomlán na ndoiciméad ar féidir glacadh leo mar fhianaise ar ghnáthchónaí.

### Uimhir PSP

**Ní mór Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí** a thabhairt, mar atá sé le feiceáil ar do Chárta Seirbhísí Poiblí (CSP).

Déanfar d'ainm, do shíniú agus do ghrianghraf mar atá siad ar do CSP a phriontáil ar do cheadúnas a luaithe a phróiseáiltear é.

### Áit Bhreithe

Sonraigh an tír inar rugadh thú, le do thoil.

## Cuid 2: Deonú Orgán

Más mian leat bheith i do dheontóir orgán, déanfar Cód 115 a phriontáil ar do chead. Cuirfidh an Cód sin do mhian in iúl do ghairmithe leighis. Ag teacht leis an seasamh dlíthiúil reatha, áfach, rachfar i gcomhairle le do neasghaol

## Cuid 3: Sonraí an Chead Foghlaimeora

Eisítear cead foghlaimeora chun críocha an tiomáint a fhoghlaim. Má tá iarratas á dhéanamh agat ar chead foghlaimeora céaduaire i gcatagóir nua ceadúnais, ní mór duit pas a bhaint amach i dtástáil teoirice tiománaí sa chatagóir ábhartha sula bhfaighidh tú cead foghlaimeora. Má tá do chead foghlaimeora reatha imithe in éag le cúig bliana nó níos mó, meastar gur iarratasóir céaduaire tú ar chead foghlaimeora, agus ní mór duit tabhairt faoin tástáil teoirice arís. Le haghaidh níos mó sonraí, téigh go www.theorytest.ie

### An Cineál Iarratais

Roghnaigh cineál an iarratais de réir mar is cuí. Féach ar an Seicliosta don chead foghlaimeora ar leathanach 4 den fhoirm iarratais maidir leis na cáipéisí nach mór bheith in éineacht le gach iarratas.

### Na Catagóirí Ceadúnais

Tabhair cuairt ar www.ndls.ie le haghaidh liosta na gcatagóirí agus cur síos orthu.

### Ceadúnas Caillte/Goidte/Damáistithe

Má cailleadh/goideadh do chead foghlaimeora reatha nó is déanaí a eisíodh, nó má rinneadh damáiste dó, ní mór duit an dearbhú garda a chomhlánú agus stampa a fháil air ag stáisiún áitiúil na nGardaí.

| Cead Tiomána | Ar feadh tréimhse Cead | Fianaise maidir le Comhaireamh Tástáil a bhíonn ag teastáil |
|---|---|---|
| Céad nó Dara Cead Foghlaimeora | 2 bhliain | Ní gá |
| Tríú nó tiománaina dhiaidh sin Ceadúnas Foghlaimeora | 2 bhliain | Glactha agus theip ar thástáil sa 2 bhliain roimhe |
| Tríú nó ina dhiaidh sin Chead Foghlaimeora | 1 bhliain | Ní mór duit fianaise a thaispeáint iarratas a chur isteach ar dáta tástála a bheith agat |

Ní mór duit fanacht go dtí go mbeidh do cheadúnas laistigh de thrí mhí ón dáta éaga sular féidir leat iarratas a dhéanamh ar athnuachan.

## Cuid 4: Inniúlacht Tiománaí

**Tá Foirm Thuairisce um Radharc na Súl ag teastáil sna cásanna seo a leanas:**

- gach iarratas céaduaire ar chead foghlaimeora
- Má chaith tú spéaclaí/lionsaí roimhe seo chun tiomáint agus nach gá duit iad a chaitheamh a thuilleadh

**Ní gá Foirm Thuairisce um Radharc na Súl sna cásanna seo a leanas:**

- Cuirtear tuairisc leighis ar fáil murar shonraigh do dhochtúir teaghlaigh a mhalairt.

Is féidir foirm tuairisce liachta agus foirm tuairisce ar radharc na súl a íoslódáil ó www.ndls.ie

## Cuid 4: Inniúlacht Tiománaí ar lean.

Ní mór go gcomhlíonfadh tiománaithe caighdeán áirithe dea-shláinte chun tiomáint go sábháilte. Má mholann do dhochtúir duit éirí as an tiomáint, is cion é leanúint ar aghaidh ag tiomáint ansin agus bíonn impleachtaí aige ar do chumhdach árachais freisin.

**Ní mór Foirm Tuairisce Liachta a chur isteach sna cásanna seo a leanas:**

- Má fhreagraíonn tú 'tá' ar cheann ar bith de cheisteanna 17 go 37 nó ar 38(c) ar shláinte agus ar fholláine
- Má tá tú ag déanamh iarratas ar cheann ar bith de na catagóirí i nGrúpa 2 (bus agus trucail) ach amháin má tá ceann curtha isteach cheana féin a chlúdaíonn tréimhse iomlán an cheada nó an cheadúnais agus a chlúdaíonn na catagóirí i nGrúpa 2
- Má tá tú níos sine ná 75 bliain d'aois (nó má rachaidh do chead reatha in éag an lá roimh do 75ú lá breithe)

Ní mór go mbeadh an fhoirm tuairisce liachta agus an fhoirm tuairisce ar radharc na súl dátaithe laistigh de mhí amháin ó dháta an iarratais agus is féidir iad a íoslódáil ó www.ndls.ie. Má tá ort foirm tuairisce liachta a chur isteach, ní mór go mbeadh sí comhlánaithe ag dochtúir a bhfuil a (h)ainm ar Chlár Ginearálta na Liachleachtóirí Ginearálta in Éirinn. Le haghaidh níos mó faisnéise ar chaighdeáin leighis, féach ar na treoirlínte um fholláine leighis don tiomáint, 'Sláinte agus Tiomáint', ar www.ndls.ie

## Cuid 5: Dearbhú an Iarratasóra

Tríd an dearbhú seo a shíniú, deimhníonn tú go bhfuil an fhaisnéis go léir a tugadh fíor agus cruinn agus go dtoilíonn tú go n-úsáidfear grianghraf agus síniú do Chárta Seirbhíse Poiblí (CSP) ar do cheadúnas. Is cion é faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre faisnéis bhréagach a thabhairtagus tá pionóis i bhfeidhm.

## Faisnéis ghinearálta

**Eolas tábhachtach nuair a eisítear cead foghlaimeora duit agus nuair is mian leat tástáil tiomána a dhéanamh**

Má tugadh cead foghlaimeora duit le haghaidh feithiclí i gcatagóirí ceadúnais B, A, A2, A1, AM agus W agus mura raibh cead foghlaimeora i do sheilbh agat le cúig bliana anuas, ní mór duit fanacht ar feadh tréimhse sé mhí sula mbeidh tú in ann tástáil tiomána a dhéanamh. Ní mór do shealbhóirí cead foghlaimeora céaduaire Oiliúint Riachtanach Tiománaithe (EDT) nó Bunoiliúint Tosaigh (IBT) a dhéanamh sula ndéanann siad an tástáil tiomána.

**Táillí agus Íocaíocht**

| Táillí an Cheada Foghlaimeora | |
|---|---|
| Cead tiomána nua agus athnuachan ceada | €35 |
| Cead athsholáthair fighlaimeora nó cead dúblach foghlaimeora | €35 |
| Catagóir nua a chur le cead reatha foghlaimeora | €35 |
| Cead foghlaimeora do dhuine os cionn 70 | Saor in aisce |
| Cead foghlaimeora bliana (maidir le forais leighis) | Saor in aisce |

Ní féidir leis an NDLS glacadh le hordú poist ná le seic ach amháin i gcás iarratais phoist.

Ní ghlacfaidh an NDLS ach le híocaíocht amháin i gcás aon iarratas faoi leith – ní ghlacfar le híocaíocht amháin ar iarratais iomadúla.

**Oiliúint Riachtanach Tiománaithe (EDT)**

Cúrsa oiliúna éigeantach do thiománaithe gluaisteán is ea Oiliúint Riachtanach Tiománaithe (EDT) Cúrsa 12 cheacht aon uair an chloig a thógtar le teagascóir tiomána ceadaithe (ADI) is ea an EDT. Déanfaidh an teagascóir do dhul chun cinn i a thaifead i logleabhar a eiseofar go speisialta. Ní mór do gach sealbhóir cead foghlaimeora céaduaire (nó iad siúd nach raibh cead foghlaimeora ina seilbh acu le breis agus cúig bliana) EDT a dhéanamh sula ndéanann siad an tástáil tiomána. Má tá ceadúnas tiomána bailí iomlán agat i gcatagóir B (gluaisteán) ar feadh dhá bhliain ar a laghad ó thír nach bhfuil comhaontú malartaithe ceadúnas ag Éirinn léi féadfaidh tú cáiliú do chlár ciorruithe EDT.

Chun faisnéis níos mionsonraithe maidir le EDT a fháil féach www.rsa.ie

**Bunoiliúint Tosaigh (IBT) do ghluaisrothaithe**

Cúrsa oiliúna éigeantach is ea Bunoiliúint Tosaigh (IBT) ina múintear bunscileanna tiomána do ghluaisrothaithe foghlama. Beidh ort cúrsa oiliúna gluaisrothar IBT a dhéanamh sula mbeidh tú in ann do rothar a thógáil ar an mbóthar gan maoirsiú. Ní féidir leat an cúrsa IBT a dhéanamh ach le hoiliúnóir ceadaithe.

Ní mór do gach sealbhóir cead foghlaimeora chatagóir A IBT a dhéanamh sula dtiomáineann siad ar an mbóthar ach amháin iad siúd ar eisíodh cead foghlaimeora chatagóir A dóibh roimh Shamhain 1999 agus an teidlíocht sin a bheith acu fós. Chun faisnéis níos mionsonraithe maidir le IBT a fháil féach www.rsa.ie

**Teastas Inniúlachta Gairmiúla (CPC) – Trucailí agus Busanna**

Braitheann an aois íosta chun cead foghlaimeora a fháil i gcatagóirí C, CE, D agus DE ar an an chaoi a bhfuil an tástáil CPC déanta agat don chatagóir sin. Tá tábla catagóirí lena n-áirítear cur síos, aois íosta agus coinníollacha eile le fáil ar www.ndls.ie.

Má bhíonn tú ag tabhairt faoi CPC beidh ort tástáil teoirice CPC a dhéanamh agus nuair a bheidh do thástáil tiomána á déanamh beidh céim speisialta CPC sa tástáil.

Chun faisnéis níos mionsonraithe maidir le CPC a fháil féach www.rsa.ie